gcroithcheann arna ngearradh agus arna gcréachtnughadh agus go roibheadar lán de chor agus de thart agus de ghorta agus de gach mór-imshníomh [as] haithle na conaire athtuirsigh sin dob *éigean* dhóibh do ghabháil.

- 90 Dála Meirlíno agus a chomhpánaigh, iar mbeith dhóibh i gcuideachta na  
*114b* n-usal sa tslighe réidh / rófhairsing sin, tángadar go baile an iarlo agus fa hálainn uraoibhinn i dtimcheall an bhaile sin don leith amuigh óir fa hiomdhaidh magh mínálainn mínscothach ann, lán de luibhibh agus de bhláthaibh agus de thorthaibh taitneamhacha agus de ghreadhaibh agus de  
 95 ghroidhibh agus de gach uile ní fa taitnimeach re súil dhaonna d’fhaicsin. Agus fós fuaradar cóisteadh agus carbait, eachraidh agus ionnmhas na dtighearnadh agus na n-usal so adubhramar ar feadh na machaireadh sin gan aird, gan araidh, gan aon neach ar a n-amharc nó dá gcumhdach agus na huaisle féin uile idir fhear agus mnaoi agus ghiolla agus leacaidh agus  
 100 iar ndul isteach sa bpalás sin Phlútando.

Do labhair Meirlíno agus is eadh adubhairt: “Dar liom féin, a chomhpánaigh,” ar sé, “ní bhfuighmís am badh fearr ná so ar ní do breith linn óir do chím eachraidh agus ionnmhas na n-usal annso gan aon neach dá gcumhdach nó dá gcoimhead.”

- 105 “Ní hamhlaidh atá,” ar Uríno, “acht tiaghmuid isteach i measc cháich acht go bhfaghmuid ár gcuid den choirm agus go ndeachaid na huaisle fá dhigh agus fá chomhól agus is annsin ba husa dhúinn faille agus am  
*115a* d’fhagháil agus ár dtoil féin / do dhéanamh.

Do críochnaidheadh an chomhairle sin leo agus tiaghaid isteach sa gcúirt.

- 110 Agus an áit inar shaoil Meirlíno ól agus aoibhneas, ceol agus cuideachta, áineas agus ollghairdeas d’fhagháil, is eadh do fuair an ní fa hiongnadh agus fa huafás leis ann .i. tinte agus teannála, oird agus orlaigheacht, gártha agus géarghol, greadadh agus cúradh, loscadh agus dódhadh, mallacht agus eascaoin, sciúradh agus pianadh agus searbghártha



they were full of fatigue and thirst and hunger and of every kind of anxiety after that wearisome path they had been compelled to take.

As regards Merlino and his companion, after having been in the company of the nobles on that smooth, broad path they came to the court of the  
85 Earl. And the surroundings of that homestead were so lovely and pleasant on the outside there being many fine and beautiful smooth and flowery plains there full of splendid plants, blossoms and fruits and of steeds and horses and all that would please a man's eye. And they also found the coaches, chariots, horses and riches of these aforementioned  
90 lords and nobles all over those plains, unheeded and without attendant, with no one able to see or protect them when all the nobles themselves – man, woman, page and lackey alike – had gone into that Palace of Plutando.

Merlino spoke, saying: "It seems to me, my friend," said he, "that we  
95 may not get a better opportunity than this to carry something off with us for I see the horses and the riches of the nobles here with no one to protect or watch over them."

"Not so," said Urino, "but let us first join all the others until we get our share of the ale and until the nobles are in their cups for then it  
100 will be easier for us to get the occasion and opportunity to do as we please."

Thus ended their parley and they then went into the palace. But where Merlino expected to find carousing and festivity, music and merrymaking, enjoyment and rejoicing, he found instead that which  
105 astonished and horrified him, namely, fires and flames, sledge-hammers and sledging, shouts and bitter weeping, lashing and beating, burning and roasting, cursing and malediction, scourging and punishing, and the rancorous and resonant cries of damned souls; and the loathsomeness and terrifying appearance of the hideously-coloured devils and demons

115 siansánacha na n-anmann ndamanta; agus urghráin agus uamhan na  
ndiabhal agus na ndeamhan ndathghránna ag freastal agus ag friothólamh  
na bpian n-ábhal ndofhuiling do na hanmannaibh damhanta sin go  
comhchoitcheanna.

Arna fhaicsin sin do Mheirlíno iseadh adubhairt, “a chompánaigh  
120 ghrádhaidh,” ar sé, “créad is ciall don áit se ina dtángamar? Agus má do  
bhí eolas agatsa urtha, is cosmhail gur fheallais ormsa tré mo tharraing  
ann agus dair liom nach biadh ar mo chumas dul thair m’ais amach aiste  
go bráth.”

“Do bhí eolas agam annso,” ar an compánach, “agus ní mé do  
125 chompánach amhail mar shaoil tusa, acht spiorad de muintir Dé  
uilechumhachta do chuir sé at’ionsaigh-se do thaispeánadh an neithe do  
115b bhí ann do mheanmain / i gcomhnaidhe dhuit .i. amharc d’fhaicsin ar  
ifreann agus ar na piantaibh atá fá chomhair lucht na mallacht agus ag so  
ifreann,” ar sé.

130 “Truagh sin,” ar Meirlíno, “ag sin an ní nár chreid mise ariamh agus anois  
agus do shaoil mé nach roibh acht cealgaireacht ag na diagairibh agus  
aige na seanmóntaoibh do bhí dá theagasc sin dhúinn. Agus do chím  
anois go gcaithfe mé fuireach i measc na droinge damanta so go  
síorthaighe, uair ní mó do thuill aon duine annso pianta d’fhagháil ná  
135 mise, de bhrígh nach dearna mé aon ní de réir thoile Dé ariamh acht gach  
aon ní in aghaidh a thoile.”

“Ní fhuireachair den chor so,” ar an Spiorad eolaigh, “óir do bhéara mise  
dochum an tsaoghail thú arís acht go dtaispeánaid cuid de phiantaibh  
ifrinne agus na droinge damanta dhuit.”

140 Iar sin do connairc Meirlíno sluaigh líonmhar de dhaoine móra  
pearsanta dá ionsaigh agus éadaighe dubha daoldhathacha dathghránna  
forra agus go madh glonmhaire an t-éadach soin ná éadach mná tair éis a

110 meting out immense and unbearable punishments to those damned souls  
in general.

Having seen that, Merlino spoke thus: “My beloved friend,” he said,  
“what is the meaning of this place to which we have come? And if you  
had knowledge of it, it seems you have deceived me by luring me here  
115 and, methinks, it will never be within my power to leave it.”

“I did know of it,” said the companion, “except I am not the comrade you  
supposed me to be, but a spirit of the disciples of God almighty whom he  
sent to you to show you that which you were ever wont to ponder,  
namely, to behold hell and the punishments awaiting the accursed, and  
120 this,” said he, “is hell”.

“Alas,” said Merlino, “for that is something I never believed until now  
but supposed only to be deception by the theologians and preachers who  
had taught it to us. I realize now that I must forever remain here amongst  
this throng of the damned since no one here has deserved to suffer  
125 punishment more than I, because I never acted according to the will of  
God but rather did everything to the contrary.

“You will not remain here on this occasion,” said the Spirit guide, “for I  
will bring you back to the world again as soon as I have shown you some  
of the punishments of hell and of the damned throng.”

130 After that Merlino saw an abundant host of most imposing people  
approaching him, wearing black, chafer-hued and hideously-coloured  
garments and more repugnant was that raiment than the clothing of a

- tuismidh; agus dragún teintighe mar each faoi gach duine dhíobh agus
- 116a coróin teintighe ar ceann gach aoin díobh agus lasair gháibheach
- 145 ghráineamhail as / a mbéal agus a mbrághaid amach; agus diabhal dubh dathghrána 'na shuidhe ar gualainn gach aoin díobh agus sciúrsa teintighe ina láimh agus iad [ag] sciúradh agus [ag] súisteadh na droinge damhanta sin tríd thintibh agus lasrachaibh greadacha géarnimhe, agus seal dá ruagadh gus an loch nimhe do bhí ar béalaibh na tineadh agus ón
- 150 loch gus an teinidh arís agus go hadhbhaidh na bpian marfach mbásamhail agus na dronga damhanta sin a[g] gárthaibh agus a[g] géarghol agus ag síorscairtigh ar an mbás agus an bás ag teitheadh rompa. “An bhfidir tú,” ar an Spiorad eolaigh, “cúí hiad an drong úd do chí tú dá bpianadh mar súd?”
- 155 “Ní fhidir,” ar Meirlíno, “acht ro-fhidir gur mór na pianta atá ortha.” “Atá pianta is mó ná [a] bhfaiceann tusa ortha,” ar an Spiorad eolaigh. “Agus ag súd,” ar sé, “na ríthe agus na prionnsadh agus na hiarladh do connairc tú ó chianaibh sna cóistibh agus ann sna carbataibh agus lán de mhuirn agus d’uail an tsaoghail. Agus na magha áille do connairc tú i
- 160 dtimcheall na cúirte se amuigh, ag sin an saoghal cealgach mealltach meabhlach do mheall an muintir úd,” ar sé. Agus na neithe rér mealladh iad, mar atá, ór agus airgead agus ionnmhas agus na heich áilne do chí tú,
- 116b gur fhágbhadar ar an tsaoghal féin iad ag daoibh eile agus gan aon ní / dhá dtarbha aca féin anois acht pianta síoraidhthe ar an adhbhar go
- 165 bhfuaradar féin bás i bpeacadh an díomais agus in éiric na n-éadach líoga lánmhaiseach do bhíodh ortha as a ndearnadar uail agus anuabhar atá na héadaighe dubha diabhlaidhe úd ortha bhias dá gcúradh agus dá ngreadadh agus dá ngnáthphianadh an feadh bhias Dia ag caitheamh na glóire. Agus in éiric an ardaignidh agus an leatroim agus an mhasla agus

woman after childbirth. And 'neath every one of them was a fiery dragon like a horse, each with a fiery crown upon their heads and a terrible, 135 dreadful flame issuing from their mouths and gullets. Upon each of their shoulders there sat a vile, ill-hued devil – each with a fiery scourge in his hand – who were scourging and thrashing that damned throng through scorching and agonising fires and blazes, driving them, first towards the lake of venom opposite the fire, from the lake to the fire again and then 140 on to the abode of deadly, mortal punishments, while that damned multitude wailed and wept bitterly and cried constantly for a death that ever eluded them.

“Do you know,” said the Spirit guide, “who those are whom you see being punished in that manner?”

145 “I do not,” said Merlino, “but I do know that they are suffering immense punishments.”

“They are suffering greater punishments than you see,” said the Spirit guide, “for those are the kings and the princes and the earls whom you saw just now in the coaches and chariots full of exuberance and worldly 150 pride. The beautiful plains you saw outside around this palace that is the deceitful, false and delusive world which beguiled the aforementioned band of people. The things by which they were seduced, namely, gold and silver and wealth and the splendid horses you see, these they have left in the world in the possession of other people with nothing now to show 155 for them but eternal punishments, since they themselves died in the sin of pride. In return for the lustrous, highly decorated clothing which they were wont to wear and of which they were so excessively proud, they now wear those dark devilish garments which will beat and lash and ever afflict them for as long as God enjoys heavenly bliss. In return for 160 the haughtiness and oppression and insult and contempt with which they treated the lowly and those who poured themselves out for God, they

170 an mhímheasa do bhíodh aca ar dhaoineibh uirísle agus ar an muintir do  
 dhoirteadh iad féin do Dhia atáid na diabhair úd do chí tú ar a nguailibh  
 comhtrom re sliabh ar a muin dá mbrughadh agus dá mórmhaslughadh,  
 agus re haghaidh a bheith [ag] friothólamh na bpian ndofhulaing ortha tré  
 shaoghal na saoghal; agus ag sin críoch lucht an díoma[i]s agus an  
 175 anuabhair,” ar sé.

Do chí Meirlíno, as a haithle sin, sluagh ábhalmhór de mhnáibh dubha  
 diabhlaidhe dathghrána chuige as adhbhaidh na bpian agus péist dhubh  
 dhiabhlaidhe, ar a roibhe mong chíordhubh – agus go madh rinnidhe gach  
 aon ruainne den mhoing sin ná rinn snáthaite caoile – casta fá

180 bhrághaid agus mhuinéal gach aoin díobh. Agus dhá dhiabhal  
 chráinteacha chreimneach chíordhubha ag súgh agus ag diúl cíoch agus  
 117a ochta gach aon mhná dhíobh / agus a súile ar luathlasadh ina gceann agus  
 uibhir dho-áirmhe de dheamhnaibh damnta ’na dtimcheall agus sciúrsa  
 teintighe i láimh gach deamhan díobh agus iad ag sciúradh agus [ag]  
 185 súisteadh agus ag greadadh agus ag gothradh na mban sin ar teallach  
 teintighe na bpian.

“An bhfidir tú,” ar an Spiorad eolaigh, “créad um a bhfuil an drong úd dá  
 bpianadh mar súd?”

“Ní fhidir,” ar Meirlíno, “acht níor chreid mé ariamh gur chruithidh Dia  
 190 in ifreann uile oirid pian agus do chím ar aon anam amháin aca súd,” ar  
 sé.

“Ag súd,” ar an Spiorad eolaigh, “an drong fuair bás i bpeacadh na drúise  
 agus tá an athair nimhe úd do chí tú casta fá brághaid gach aoin díobh in  
 éiric na scaball agus na slabhradh agus na n-órnasc do chuidís fána

195 mbrághaid agus fána muinéal do mhealladh fhear na mban pósta agus na  
 bhfear coil agus an lasair úd do chí [tú] as a súilibh, atá in éiric na n-  
 amharc claon agus mailíseach do bheidís ar na fearaibh neamhpósta.  
 Agus na diabhair chreimneacha úd do chí tú ag súgh agus ag deol a

have those devils you see on their shoulders – as heavy as a mountain –  
oppressing and reviling them, in order to mete out unendurable  
165 punishments on them for ever. And that,” he said, “is the lot of the proud  
and the arrogant.”

After that Merlino sees a vast host of black, devilish, and ill-hued women  
coming towards him from the house of punishments. Twisted around the  
throat of every of one these was a black, devilish beast, each of which had  
170 a jet-black mane; and every single hair in that mane was more sharply-  
pointed than the tip of a fine needle. There were two gnawing and biting  
jet-black devils sucking on the breasts of each of these women. Their  
eyes burned quickly in their heads and there was an myriad number of  
wicked demons surrounding them who were scourging, thrashing, lashing  
175 and roasting them on the fiery hearth of suffering.

“Do you know,” said the Spirit guide, “why yonder multitude is being  
punished in that manner?”

“I do not,” said Merlino, “but I never believed that God created in all of  
hell as many punishments as I see on even one of those souls.”

180 “Behold,” said the Spirit guide, “those who died in the sin of lust. The  
venomous serpent you see twisted around each of their throats is in return  
for the necklets and neck-chains and gold clasps which they used to put  
around their throats and their necks to entice married or sinful men. That  
flame which you see issuing from their eyes is in return for the iniquitous  
185 and malignant looks they used to steal of unmarried men; the two  
gnawing devils whom you see sucking their breasts are in return for the

gcíoch atáid in éiric na glacaireachta truailidhi do fhuilngidís do  
 200 dhéanamh ar a gcorp agus ar a gcroiceann agus na diabhail úd do chí  
 117b tú dá sciúradh / agus ag friothólamh na bpian dáibh atáid in éiric na  
 droinge lena ndearnador na peacaidh ghráineamhla agus biad dá bpianadh  
 amhlaidh súd an feadh bhias Dia ina shíoraidheacht. Agus ag so na  
 briathara do bhíodh i mbéal gach aoin díobh.

205 In éiric pheacadh na drúise . ina bhfaghmís dúil is taitneamh,  
 Tá diabhail dhubha mar dhaolaibh . ag creim ár dtaoibh 's ár  
 gcreata.

Haithle na droinge sin do chí Meirlíno drong eile d'anmannaibh  
 damhanta dá ionsaigh as adhbhaidh na bpian, agus craos gach aoin aca  
 210 oslaighthe agus lasair ghráineamhail as béal agus as sróin agus as súilibh  
 gach aoin díobh, agus an iomad de phiastaibh dubha dathghrána [ag]  
 tiecht amach agus isteach tríd an lasair sin ina mbéal. Agus [bhí] leabhar i  
 láimh gach aoin aca agus línte dubha scríofa ionta, agus ag so na briathara  
 do léighdís as na leabhraibh sin.

215 Is iadso na pianta ábhal . do bheir na gártha cinnte.

Is orainn atá méad gach deacair . toradh pheacadh na sainte.

“An bhfidir tú an drong úd?” ar an Spiorad eolaigh.

“Ní fhidir,” ar Meirlíno, “acht is ortha ’tá na pianta dofhuiling.”

“Ag súd,” ar an Spiorad, “an drong fuair bás i bpeacadh na sainte, mar

220 atá, an lucht dlighe do thagradh cás na héagóra mar gheall ar ór agus ar

118a ionnmhas agus gach / duine nó gach drong ainmhianach eile do shantadh  
 cuid a gcomharsan agus do nigheadh leatrom na n-anbhann agus na  
 ndíleachtadh agus na ndeoradh mar gheall ar shaibhreas bréagach  
 diombuan an tsaoghail do tharraing ortha féin,” ar sé.

225 Do chí Meirlíno sluagh ábhalmhór eile chuige as adhbhaidh na bpian



immodest touching they did suffer to do on their bodies. The devils you see scourging and meting out punishments on them are in return for those with whom they committed shameful sins. In these ways will they be  
 190 punished for as long as God abides in his eternity. These are the words which are in each of their mouths:

In requital for the sin of lust, where we did find desire and pleasing  
 There are devils black like beetles, gnawing our flank and our  
 ribcage.

195 After that multitude Merlino sees yet another band of condemned souls approaching him from the house of punishment, and each of their gullets lay open and a dreadful flame issued from the mouths and noses and eyes of each them and there was a great number of black, ill-hued beasts coming out and in through that flame in their mouths. In their  
 200 hands they each held a book in which black lines were written and these are the words which they read from those books:

Immense the punishments these, that cause incessant crying  
 We suffer the utmost hardships, the fruit of the sin of avarice.

“Do you know that multitude?” said the Spirit guide.

205 “I do not,” said Merlino, “but intolerable are the punishments they suffer.”

“Behold those,” said the Spirit, “who died in the sin of avarice, namely, litigators who pleaded cases of injustice in return for gold and wealth, and every lustful person or crowd who coveted their neighbours goods and  
 210 who acted unfairly towards the weak, the orphaned and outcasts so to draw the false and transitory wealth of the world to themselves.”

Merlino [then] sees another vast host approach him from the abode of punishments and twisted beneath the nose of each one of them were two poisonous snakes and each of these had a scorching dart of fire thrust into  
 215 each of their eyes. And those are the words they recited:

agus dhá athair nimhneach nimhe casta fá bhun sróna gach aoin díobh agus gath teintighe tineadh ag gach athair aca sáithe ina gach súil dá súilibh. Agus ag so na briathara do chandís.

Ag so na súile mallaidh . ina bhfuil lasair nimhe.

230 Ag so súil na tnútha . do bheir dár gcúradh sinne.

“Ag súd,” ar an Spiorad eolaigh, “an drong fuair bás i bpeacadh an tnútha agus in éiric an amhairc mhallaidh iomthnúithtigh do bheirdís ar chuid a gcomharsan, atáid na diabhair úd sáighte ina súilibh dá ngéarphianadh an feadh bhias Dia ag caitheamh na glóire, maille re gach cinéal péine eile dá bhfuil ortha.”

As a haithle sin féachas Meirlíno seachad agus do chí loch mór ina roibh uisce ar dhath an domblais ae. Agus is é dob ainm dhó Loch na Nimhe óir an méad do chruthaigh Dia ar droim domhain do mhuirfeadh aon  
118b bhraon / amháin d’uisce an locha sin iad tré rómhéad a fhuachta, agus  
240 morán de dhaoineibh ’na suí ann go nuige a smeach agus an iliomad de bhiadhaibh taitneamhach [ag] snámh ar an uisce ina bhfiaghnaise agus gan ar cumas dáibhsean an biadh soin d’fhéachain nó bhlasadh óir do bhádar a gcosa agus a lámha creapailte i ghlasaibh na bpian agus iad ag tairgsin amas do thabhairt ar an mbiadh sin rena mbéal agus gan tarbha  
245 dhóibh ann. Agus ag so na briathara chandís.

In éiric an bhídh nár locas . is [a] olcas do nighinn troscadh.

Tá gorta mór is íota . is biam chaoidhche dár loscadh.

“Ag súd,” ar an Spiorad eolaigh, “an drong fuair bás i bpeacadh an chraois agus in éiric na mbiadh mblasta milis agus bhriseadh an troisce agus na  
250 hantola tugadar don cholainn cholach ainmhianaidh ar an tsaoghal atáid na biadha úd do chí tú ’na bhfiaghnaise agus gan ar cumas dáibh a mblasadh go bráth. Agus is eadh is deoch dhóibh in éiric na póite agus na meisce agus na hantola, domblas ae agus mormónta. Agus in éiric na leaptha sásta agus a laghad do bheirdís de chrádh troisce nó urnaighe dá

Accursèd are these eyes, where's found a virulent flame,  
 Covetous eyes they are, which bring us to our chastisement.

“Behold those,” said the Spirit guide, “who died in the sin of envy and in return for the detestible envious glances which they stole of their  
 220 neighbour's goods those devils are thrust into their eyes and will sorely afflict them for as long as God will be enjoying heavenly bliss, and likewise for every other kind of punishment which they suffer.”

After that, Merlino looked aside and saw a great lake which contained bile-coloured water. It was named the Lake of Venom since one single  
 225 drop of its water would kill all that God has created on the face of the earth on account of the magnitude of its coldness. He saw, moreover, many people sitting chin-deep in [this water] and there was a great abundance of pleasing foods floating before them on the water. They were unable to try or to taste it, however, since their limbs were bound in  
 230 fetters of punishment. They attempted to grab it with their mouths but this did them no good. These are the words they recited:

For the food that I did not refuse and for how poorly I did fast,  
 There's great hunger and devouring thirst, and us forever burning.

“Behold those,” said the Spirit guide, “who died in the sin of gluttony,  
 235 and in return for the tasty sweet foods, for the breaking of the fast, and for their sating their sinful lustful bodies throughout life, they are faced with those foods you see that they will never be able to taste. What they have for drink, in return for excessive drinking and drunkenness and lack of restraint, is bile and wormwood. In return for the comfortable bed and  
 240 for their meagre efforts at tormenting their bodies with prayer and fasting,

255 gcorpaibh biaidh an t-uisce úd do chí tú dá gcúradh / agus dá ngreadadh  
 119a re nimh ghéarloisc[th]e an fhuachta agus anróidh an feadh bhias Dia ina  
 shíoraidheacht gan fhaoiseamh, gan fhurtacht, gan fhóirighin.  
 Féachas Meirlíno seachad agus do chí dronga dí-áirmhe de anmannaibh  
 damanta ar teallach teintighe na bpian agus tinte greadach

260 géarnimhneacha ar buanlasadh 'na dtimcheall agus sluagh ábhalmhór de  
 diabhlaihb uafara aigmhéile ag fadógh agus ag friothólamh na dteinteadh  
 sin friú agus dá gcongbháil ar urlár na bpian agus iad féin ag tuargain  
 agus ag tarraing agus ag treaghdadh a chéile sa tinidh sin. Agus ag so na  
 briathara do chandís.

265 In éiric na feirge fuafair . an phéist lér truailleadh sinne.

Ní fhaicfeam Dia go cinnte . dár bpianadh i dteintibh nimhe.

“Ag súd,” ar an Spiorad eolaigh, “an drong fuair bás i bpeacadh na feirge,  
 agus in éiric dhásaicht na feirge agus neamhcheansaigheacht na hintinne  
 agus na heasumhlacht agus na heasurrama biaidh an drong úd dá gcúradh  
 270 agus dá ngéarnngreadadh ar urlár na bpian agus na diabhail úd ag  
 friothólamh na bpian ortha gan chríoch gan fhoircheann tré shaoghal na  
 saoghal.”

Féachas Meirlíno seachad agus do chí drong eile i seomraibh dubha  
 119b daordhorcha 'na luidhe ina leapthaibh caola cruachumhann agus  
 275 géibheann agus glasa / agus cruadhchuibhreach ortha agus na leapa sin  
 ar dearglasadh 'na dtimcheall agus fútha. Agus go mba bréine na  
 seomradh sin ná coirp mharbha tair éis morgaidh re teas gréine lán de  
 aithreachaibh nimhe agus de phiastaibh gráineamhla ag creim agus ag  
 crinn na droinge damanta sin do bhí sna glasaibh teintighe agus ag so na  
 280 briathara do chandís.

In éiric an leisce leonta . 's ó Aifreann Domhnaigh [a] casadh.

Táimid i nglasaibh cinnte . is tinte fúinn ar lasadh.

“Ag so,” ar an Spiorad eolaigh, “an drong fuair bás i bpeacadh na leisce,

that water you see will beat and lash them with agonising bitter coldness and hardship without relief, without aid or succour for as long as God in eternity will abide.

Merlino looked aside and saw countless bands of lost souls on the fiery  
 245 hearth of punishments where scorching agonising fires were burning perpetually around them. There was, to wit, a vast host of horrible, fierce devils kindling and attending those fires for them and keeping them on the floor of punishments, while they themselves were battering and tearing and wounding each other in that fire. And these are the words  
 250 they did spake:

In requital for odious anger, the beast that did corrupt us,

For sure we'll never see God, being chastised in virulent fires.

“Behold,” said the Spirit guide, “those who died in the sin of anger; and in return for the harshness of anger and for irascibility, disobedience and  
 255 disrespect that multitude will be beaten and thrashed viciously on the floor of punishments with those devils meting out punishments on them without stop or stay for ever and ever.”

Merlino looked aside and saw another multitude in intensely dark, gloomy rooms lying in their narrow and painfully constrictive beds  
 260 constrained by fetters, locks and cruel manacles. Those beds were, moreover, all aflame below and to their sides and those chambers stank more than do dead bodies after corruption in the heat of the sun. They were full of poisonous snakes and dreadful beasts gnawing and gnashing that condemned multitude which was clad in fiery fetters. These are the  
 265 words they recited:

In requital for pernicious sloth, and from Sunday Mass a' turning,

In fetters fixed we are, the blaze of fires beneath us.

“Behold,” said the Spirit guide, “those who died in the sin of sloth and

agus do fhanadh ó aifreann agus ó sheanmóradh agus ó sheirbhís Dé agus  
 285 do ghabhadh leisc re maithghníomh ar bioth do dhéanamh. Agus mar  
 éiric annsin biad sna glasaibh agus sna géibheannaibh agus sna  
 cuibhrighibh úd dá loscadh agus dá ngreadadh an feadh bhias Dia ag  
 caitheamh na glóire síoraidhthe gan dúil re fuascladh ná re furtacht  
 d’fhagháil astabh go bráth.

290 Adubhairt fear dá roibh dá bpianadh ar urlár na bpian:

“Och, a Dhia na mbreath bhfirinneach,” ar sé, “*is truagh* nach bhfuilim  
 féin ceathramh na huaire im’ cholainn daonnaidhe ar an tsaoghal arís.”

120a Do fhreagair spiorad damanta eile agus is eadh adubhairt: /

295 “A spioraid dhiabhlaidh dhamanta,” ar sé, “créad an sochar do bheith  
 ceathramh na huaire ar an tsaoghal agus do theilgean annso arís do mheall  
 teintighe tineadh go hadhbhaidh na bpian gan taise gan trocáire?”

“Ní hamhlaidh atá,” ar an spiorad damanta. “Dá mbeinn im’ cholainn  
 daonna arís de b[h]rígh go bhfuil *scán* agam ó na piantaibh síoraidhthe se  
 do dhoirtfinn mé féin comh mór agus sin do Dhia nach beith contabhairt  
 300 agam nó go bhfuighinn trócaire, de bhrígh nach bhfuil Dia ag iarraidh ar  
 an bpeacach acht aithreachas fírinneach as doimhneach a chraoidhe dá  
 mhéad peacadh do dhéanadh sé.”

“Máiseadh,” ar an dara fear, “ní mar sin tarla dhuit; acht mar nach  
 dearnais an t-aithreachas an feadh do bhí an t-am agat biair dot’ loscadh  
 305 annso tré shaoghal na saoghal gan fhurtacht gan fhóirighin.”

Do labhair Meirlíno ris an Spiorad eolaigh agus is eadh adubhairt:

“Má atá dúil ag an spiorad damanta,” ar sé, “dá mbiadh sé i gcolainn  
 daonna arís go ndiognadh sé aithreachas agus go bhfuigheadh trócaire,  
 ciodh dhamhsa nach déanainn aithreachas atá im’ cholainn daonna fós  
 310 agus nach dtugadh [Dia] breatheamhnas damanta orm dá mbeinn ar an  
 tsaoghal arís?”

“Ní bhfuil contabhairt annsin,” ar an Spiorad eolaigh, “óir ní iarrann Dia

who shirked Mass, sermons and Church services and who were loath to  
270 do any good deed. In return for that they will be in those locks and fetters  
and chains, being burned and scorched and without any hope of release or  
relief for as long as God rejoices in eternal heavenly bliss.

Said one of those being punished of the floor of punishments:

“O God of truthful judgements,” said he, “oh, would that I were back  
275 in the world for one more quarter hour!”

Another soul replied and said this:

“O devilish damned soul,” said he, “what is the good of being alive for a  
quarter hour and then to be cast back here again without compassion or  
mercy to the abode of punishments to a scorching and fiery destruction?”  
280 “Not so,” said the damned soul. “Were I alive again, since I would have  
had *a break* from these eternal punishments, I would devote myself to  
God so much that I would be sure that I would be granted mercy, because  
God only asks of the sinner true repentance from the depths of his heart  
no matter how many sins he may have committed.”

285 “Nevertheless,” said the second man, “that is not how it was for you, and  
since you did not repent while you had the time you will be being  
consumed by fire here for ever without aid or relief.”

Merlino spoke to the Spirit guide and this he said:

“If the damned soul,” said he, “hopes that – were he alive again – he  
290 would repent and would receive mercy, why should I – who am still alive  
– not repent so that a judgement of condemnation might not be passed  
upon me were I once more amongst the living?”

“Of that there is no doubt,” said the Spirit guide, “for God seeks only true

- 120b acht aithreachas fírinneach maille / re rún seasmhach gan tuiteam sa  
bpeacadh go bráth arís.”
- 315 “An mór leat na pianta so do chí [tú] ar an droing dhamanta so?” ar an  
Spiorad eolaigh.”  
“Do chím,” ar Meirlíno, “nach féidir le teangaidh a thuireamh nó le peann  
a scríobhadh nó le craoidhe daonna a smuanadh an céadabh cuid dá  
bhfuil de phiantaibh ar an tí is lugha pianta.”
- 320 “Máiseadh,” ar an Spiorad eolaigh, “tá pian is mó ná ’bhfaiceann tú ar  
gach aon díobh.”  
“Cionnas is féidir sin?” ar Meirlíno. “Nó an féidir go dtáinic le Dia pianta  
is mó ná mar do chím do chur ortha?”  
“Do táinic go deimhin,” ar an Spiorad, “.i. racht an éada agus na feirge dá  
325 dtachtadh agus dá gcomhbhrughadh go síorthaighe suthain,” ar sé.  
“Créad an fáth éada dob fhéidir leo do b[h]eith acu in ifreann,” ar  
Meirlíno, “an tan nach bhfaghann aon neach sochar ná fuarugh ann go  
bráth?”  
“Atá,” ar an Spiorad, “an tan do bheirtheair breatheamhnas damanta ar an  
330 duine, beirtheair ar amharc flaitheis Dé é agus taispéantar an ghlóir agus an  
t-aoibhneas síorthaighe do chaill sé re haon pheacadh amháin marfa dhó  
121a agus / taispéantar a chlann agus a chairde agus athair agus a mhathair dhó  
lán de ghlóir agus d’aoibhneas síorthaidhe agus, mar an gcéadna, sluagh  
dubh diabhlaidhe ar an lámh eile réidh dochum a fhuadach leo do  
335 caitheamh na bpian síorthaidhe. Agus, dá b[h]rígh sin, gabhaid racht  
agus éad chuca reis an droing sin do chíid lán de ghlóir agus d’aoibhneas  
ionnas gur mó phianas an racht sin – iad ag síorsmuaineadh ar an ghlóir  
do chailleadar tré aon pheacadh amháin – ná a bhfuil de phiantaibh eile  
ortha gidh ábhal iad.”
- 340 “Agus do bhéir easampláir dhuit air sin,” ar an Spiorad:



295 repentance together with a firm intention never to fall into sin again.”  
“Do you consider great the punishments you see this damned multitude  
suffering?” said the Spirit guide.  
“I realise,” said Merlino, “that tongue cannot tell, nor pen record, nor  
human heart contemplate the hundredth part of all of the punishments  
300 suffered by the person least punished [in hell].”  
“Nevertheless,” said the Spirit guide, “each one of them is suffering  
greater torment than you see.”  
“How is that possible?” said Merlino. “Or can it be that God can impose  
upon them greater punishments than I can see?”  
305 “Assuredly he can,” said the Spirit, “to wit, the fit of jealousy and anger  
which perpetually chokes and oppresses them.”  
“What cause for jealousy could they possibly have in hell,” said Merlino,  
“when no one ever gets ease or assuagement there?”  
“Indeed,” said the Spirit guide, “when a judgement of damnation is  
310 passed on the person, he is brought within sight of the kingdom of God so  
that the eternal glory and bliss he lost through one single mortal sin are  
shown to him; and [on one hand] he is shown his family and friends, his  
father and mother, full of glory and eternal bliss and, on the other hand, a  
black, unholy host ready to seize him and drag him off to suffer eternal  
315 punishments. Because of this they are seized with fury with and jealousy  
of those whom they see full of eternal glory and bliss to the extent that  
the pain of that frenzy – their constant recollection of the the glory they  
lost through one single sin – is greater than all the other punishments they  
suffer, however great these are.”  
310 “And I will give you an illustration of that,” said the Spirit.

“Dá mbeith rí cumhachtach ann,” ar sé, “agus go mbeith duine uasal aige, lán de mhuirn agus d’onóir, agus go mbeith ar láimh agus ar leabaidh ag an rí tair gach aon eile; agus go dtaigeomhadh don duine uasal sin cáir ghráineamhail do dhéanamh in aghaidh an rí agus go dteabhradh an rí fá  
 345 deara a theilgean i bpríosún dhaingean dhorcha agus glsrach agus géibheann do chur air agus go nglacfadh duine eile ina áit; agus go bhfaicfeadh an príosúnach an duine sin eile sa muirn agus san onóir do bhí aige féin agus do fhéadfadh sé do bheith aige muna beith a  
 121b dhrochíomchair féin. / Do líonfaí de racht agus d’fheirg ris fein annsin  
 350 [é], ionnas go madh mó an dochar do bhiadh ’na chraoidhe ó nimh na feirge ná ón ghéibheann agus ón ghlscrach do bhiadh air. Agus is mar sin táid na dronga damanta iar bhfaicsin na glóire do chaill siad agus gan dúil aca re síocháin an rígh neamhdha d’fhagháil go bráth.”

“Agus gidh hábhal na pianta so,” ar an Spiorad, “atá pianta eile nach  
 355 bhfaiceann tú ar muintir ifrinn is mó ná gach pianta,” ar sé.

“Créad na pianta sin?” ar Meirlíno.

“Atá,” ar an Spiorad, “réimhfhéachain na síoraigheacht. Óir is amhlaidh atá an tsíoraigheacht” ar sé, “mar bheith rotha cóiste nó cartacha. Óir amhail mar tá an rotha gan chrích gan fhoircheann acht an chuid do  
 360 chuaidh thart dhe [ag] tiecht [tha]rt go nuaidh arís, is amhlaidh sin atá an tsíoraigheacht,” ar sé. “Óir an tan do théid deich míle milliún bliadhain thart,” ar sé, “ní bhfuilid acht i dtús a bpian annsin agus an uair rachas deich míle milliún eile thart, ní bhfuilid acht i dtús a bpéine de bhrígh go  
 122a mbíonn an aimsir do chuaidh thart ag teacht ortha amhail fáinne nó rotha  
 365 agus mar sin / go bhfuilid pianta ifrinn agus glóir flaitheamhnas gan chrích gan fhoircheann.”

Óir dá dtigeadh éan beag i gceann gach bliadhana nó chéile agus lán a ghoib do bhreith as an fhairrge, dá mbeith dúil ag muintir ifrinn go

“Imagine a powerful king,” he said, “who had a nobleman, full of favour and honour, who had plighted his troth to the king above all others.

Suppose that nobleman should chance to grimace hatefully at the king, and the king order that he be thrown into a strong dark prison, that clasps  
315 and fetters be put on him and that another person be taken in his place; that prisoner would then see that other person enjoying the favour and respect he himself once had, and could still have had were it not for his own bad behaviour. He would then be filled with fury and anger with himself so that the hurt in his heart from the virulence of this anger would  
320 be greater than that caused by the clasps and fetters in which he would be shackled. Since the damned throngs have no hope of ever obtaining the peace of the heavenly king, that is how they feel when they behold the glory they have lost.”

“Yet immense as these punishments are,” said the Spirit, “the people of  
325 hell suffer other punishments you do not see which are greater than any [of these] torments.”

“What are those punishments?” said Merlino.

“Verily,” said the Spirit, “the foresight of eternity. For eternity,” said he, “is like a coach or a chariot-wheel.

330 For just as the wheel does not come to an end when that part of it which has passed by comes back round again, so also with eternity. For when ten thousand million years pass by,” he said, “[lost souls] are only then at the start of their punishments, and when another thousand million pass by they are still only at the start of their punishment, because the time which  
335 has passed by comes back to them again, in the manner of a ring or a wheel. And that is how the punishments of hell and the glory of heaven know no end or termination.

Were a little bird to come and take the full of its beak [of water] out of the sea every year or so and if the people of hell expected that they

- bhfuighdís furtacht an uair do thiormóchadh an fhairrge ris sin, ní bhiadh
- 370 cás nó ceist leo ann sna piantaibh atá ortha acht is amhlaidh mar atá, ní táinic agus ní thiocfaidh an uair ina bhfuighid furtacht ná fuascladh; de bhrígh an uair do chruthaigh Dia ifreann d’eagla go ngéabhadh taise nó truaighe é, ar mhoill nó ar luas, trócaire do dhéanamh ar an droing dhamanta, do ordaigh annsin tré cheannradharc na diagachta gan gol nó
- 375 gártha nó pianta nó dochar dá bhfuil in ifreann do chluinstin nó d’éisteacht nó d’fhaicsin i bhflaitheas Dé go bráth. Óir dá bhfaiceadh Dia méad a ndochair ní bhíodh cumas aige, ó mhéad agus ó líonmhaireacht a thrócaire, gan taise do ghabháil leo uair éigin agus trócaire do dhéanamh ortha. Acht is eadh do rinne a gcur as a chuimhne go síorthaidhe suthain.
- 380 Agus mar atáid muintir ifrinn dearfa dhe sin, is mó phianas réimhfhéachain na síoraidheacht iad ná méad a ndochair den taoibh eile.”
- 122b “Truaighe an scéal innseas tú ná gach scéal,” ar Meirlíno, / “agus an bhfuil sochar pianta ag duine in ifreann seacha duine eile?” ar sé.
- “An tí is lugha pianta in ifreann,” ar an Spiorad, “atá dóchain ar
- 385 chruthaigh Dia ariamh air, dá roinntí ortha é. Gidheadh is mó pian an Chríostaidhe ann go mór ná pian an pháánaigh ná an ainchríostaidhe de bhrígh go roibh fios a[n] dlighidh agus na n-aitheantadh ag an gCríostaidhe agus gur bhris iad agus nach roibh a bhfios ag an bpágánach agus dá mbeith go gcomhlíonfadh iad níos fearr ná mar do rinne an
- 390 Críostaidhe agus dá bhrígh sin is mó pianta an Chríostaidhe ná an pháánaigh.”
- “Innis damh,” ar Meirlíno, “an bhfuil cumhachta nó impidhe ag diabhal ar dhiabhal eile in ifreann?”

- 340 would get relief as soon as the sea would dry up as a result of that, then  
the punishments they are suffering [now] would cause them no difficulty  
or anxiety. But the fact of the matter is, the hour when they will obtain  
succour or release has not come and will never arrive; because as soon as  
God created hell – lest tenderness or compassion should move him sooner  
345 or later to have mercy on the damned – he ordained through the far-  
sightedness of divinity not to hear or to hearken to or to see in the  
kingdom of God the weeping or cries or the misery of all those in hell.  
For were God to see the extent of their misery, on account of the  
magnitude and abundance of his mercy, he could not but be seized with  
350 compassion for them at some point and have mercy on them. What he  
did instead, however, was to put them out of his memory for ever and  
ever. And since the people of hell are certain of this, they consider the  
pain of this eternal foresight to be greater than [any] other aspect of their  
misery.”
- 355 “This tale you tell is more distressing than any other,” said Merlino, “but  
do some people rather than others get relief from pain in hell?”  
“The person least punished in hell,” said the Spirit, “suffers as if all the  
pain God ever created had been apportioned unto them. Although the  
punishment of the Christian is very much greater than the punishment of  
360 the pagan or heathen since the Christian knew the law and the  
commandments but broke them. The pagan, however, did not know of  
them; had he done, he would have kept them better than did the Christian  
and because of that the punishments of the Christian are greater than  
those of the pagan.”
- 365 “Tell me,” said Merlino, “does any devil in hell have authority or power  
over another devil?”

“Tá go deimhin,” ar an Spiorad, óir atáid dhá rí in ifreann ag a bhfuil  
 395 impidhe agus cumhachta ar na diabhlaihb eile go coitcheann .i. Lúsifeir  
 agus Belsebúb, agus atáid deich ríghachtadh in ifreann agus ag so a  
 n-anmannadh i Laidin agus i Ghaidheilig.

Terra tenebrosa .i. Tír a[n] Dorchadais.

Terra oblivionis .i. Tír an Dearmaid.

400 Stagnum ignis .i. Corrach na Tineadh.

123a Lacus mortis .i. Loch a[n] Bháis. /

Infernus .i. Ifreann Íochtarach.

Tartarus .i. Tír an Uamhain.

Orcus .i. an Lag nach líontar.

405 Gehenna .i. an Tine Nimhe.

Barathrum .i. Tír an Amhgair.

Casma .i. Adhbha na bPian.”

“Agus is amhlaidh atáid na ríoghachtadh so: dá mbeitheá dá siubhal go  
 bráth ní bhfuightheá críoch ná foircheann aon ríoghachta díobh. Agus ní  
 410 bhfuil pian ná dochar in aon ríoghacht aca nach bhfuil ar gach aon nduine  
 in ifreann. Agus atá cúig ríoghachtadh dhíobh so fá cumhachtaibh  
 Lúsifeir agus na cúig ríghachtadh eile fá Bhelsébúb,” ar sé. “Agus cuirid  
 diabhal os coinne gach aon ghné pheacaidh do mhealladh an Chríostaidh  
 ar an tsaoghal agus do chur caithigh air. Agus muna dtí don diabhal sin  
 415 an duine do mhealladh agus do tharraing go hifreann, na pianta do bhaoi i  
 gcoinne an duine, dúblaighthe ar an diabhal sin iad maille rena roibhe  
 air cheana.”

“Anois,” ar an Spiorad eolaigh, “do connairc tú an ní do badh maith leat .i.  
 amharc ar phiantaibh agus ar *thoirmintibh* ifrinn. Agus anois,” ar sé,  
 420 “lean mise go mbeirinn as an áit se thú amhail mar do gheall mé. Agus  
 ná bean re haon ní dá bhfaice tú nó go ndeachair as so.”

“Yes indeed,” said the Spirit, “for there are two kings in hell who have power and authority over all the other devils, namely, Lucifer and Beelzebub, and there are ten kingdoms in Hell and these are their names  
370 in Latin and in Irish:

*Terra Tenebrosa*, that is, the Land of Darkness.

*Terra Oblivionis*, that is, the Land of Forgetfulness.

*Stagnum Ignis*, that is, the Marsh of Fire.

*Lacus mortis*, that is, the Lake of Death.

375 *Infernus*, that is, Lowest Hell.

*Tartarus*, that is, the Land of Dread.

*Orcus*, that is, the Unfilled Pit.

*Gehenna*, that is, the Venomous Fire.

*Barathrum*, that is, the Land of Hardship.

380 *Casma*, that is, the Abode of Punishments.

This is what these kingdoms are like: were you to traverse them until the day of doom you would never reach the limit or end of any of them.

There is not, moreover, a punishment or misery in any one of them that is not suffered by every single person in hell. Five of these kingdoms are  
385 under the authority of Lucifer and the other five kingdoms are under Beelzebub,” he said.

“They appoint a devil for every single type of sin to entice the Christian in the world and to tempt him, and if that devil does not manage to entice and draw that person to hell, the punishments which were appointed for  
390 him, these are doubled unto that devil himself [and added to] those that he was already suffering.”

“Now,” said the Spirit guide, “you have seen what you wished to see, namely a sight of the punishments and torments of hell. Now,” he said, “follow me that I might take you out of this place as I promised, but touch  
395 not aught you see until you leave here.”

Do ghluais an Spiorad agus Meirlíno 'na dhiaidh agus do chí Meirlíno ar  
 123b a láimh dheis / múr nó balla ábhal aibhseach, agus gártha agus gola agus  
 pianta agus dochair mór ann, amhail mar do connairc i ngach áit eile ar  
 425 feadh ifrinn roimhe sin. Agus cuid dá roibh dá bpianadh ann ag a rádh:  
 “A Thighearna agus a Dhia na trócaire, cá fad bhiam ann sna piantaibh  
 so?”

Agus cuid eile dhíobh dá rádh:

“A chairde grádach atá ar an tsaoghal, is truagh an mhainneachtaidh do  
 430 ní sibh fá ghuibhe agus fá urnaighe agus fá dhéirc do dhéanamh renár  
 n-anaimne ionnas go bhfuighmís furtacht ó na piantaibh ina bhfuil[m]id.

Do labhair Meirlíno annsin agus is eadh adubhairt:

“Nach dubhairt tú liom,” ar sé, “nach bhfuil dúil ag muintir ifrinn re  
 furtacht ná re fóirighin go bruinne mbráth agus mbeatha? Agus créad  
 435 um a bhfuilid an drong dhamhanta so ag gárthaibh ar Dhia nó ar a  
 gcairdibh amhlaidh súd?”

“Ní de muintir ifrinn iad,” ar an Spiorad. “Acht ag súd purgadóir,” ar sé,  
 “agus an drong do gheibh bás ar shlighe slánaigh tiaghaid go purgadóir  
 do thabhairt díolaigheachta agus sásaigh do Dhia i ngach ní nach  
 440 dearnadar lórghníomh ann ar an tsaoghal. Agus táid pianta purgadóra  
 124a comhcosmhail re piantaibh ifrinn acht amháin go / bhfuilid an muintir  
 bhíos i bpurgadóir dearfa go bhfuighid trócaire agus fuascladh as a  
 bpiantaibh uair éigin, agus fós go dtugann guibhe agus urnaighe agus  
 troscadh agus maithghníomha a gcairdeach agus na bhfíreán ar an  
 445 tsaoghal aithghiorrugh pianta dhaibh. Agus is uime sin atáid ag gárthaibh  
 ar a gcairdibh,” ar sé.

Adubhairt fear den muintir sin do bhaoi i bpurgadóir:

“Do shaoil mé féin,” ar sé, “nach dearna Dia bréag ariamh gus anois. Óir  
 do ghealladh dhamh an uair táinic mé go purgadóir nach biann ann acht  
 450 cúig lá agus is amhlaidh mar atá, atáim re cúig mhíle bliadhain ann.”



The Spirit set out with Merlino following after him, and on his right-hand side Merlino saw a great immense rampart or wall and there were shouts and tears and punishments and miseries there like those he had seen already everywhere else throughout hell.

400 Some of those who were being punished were saying:

“O Lord and God of mercy, how long will we be in these pains?”

Some others were saying:

“O beloved friends who are in the world, alas for your negligence in performing acts of prayer, entreaty and charity for our souls that we

405 might get relief from the punishments we are suffering.”

Merlino spoke then and this he said:

“Did you not say to me,” he said, “that till the day of doom, the people of hell have no expectation of relief or succour? Why then is this damned multitude calling to God or to their friends in that fashion?”

410 “These are not of the inhabitants of hell,” said the Spirit. “But that is purgatory,” he said, “and those who die in the way of salvation go there to make restitution and satisfaction to God for everything for which they did not make atonement in life. And the punishments of purgatory are identical to the punishments of hell except that the people who are in

415 purgatory are assured that they will get mercy and release from their punishments in time, and furthermore, that the prayer, intercession, fasting and good deeds of their friends and of the faithful in life shortens their punishments. That,” he said, “is why they are calling on their friends.”

420 Said one of that party which was in purgatory:

“Until now I myself had imagined,” said he, “that God did not lie. For I was promised when I came to purgatory that I would only be there five days, but the fact of the matter is, I have been five thousand years here.”

“Créad um a ndearna Dia bréag ris an bhfear úd?” ar Meirlíno.

“Ní dhearna Dia bréag ariamh,” ar an Spiorad. “Acht atá de mhéad dochair agus dofhulaing, cúradh agus greadadh na bpian atá air go saoiléann go bhfuil re cúig mhíle bliadhain ann agus ní bhfuil sé re cúig lá  
455 ann fós. Óir an uair thioctas na cúig lá isteach rachaidh go flaitheas Dé gan mhoill, gan chairde.”

Haithle an chomhráidh sin do ghluais an Spiorad roimhe as thuathaibh ifrinn agus purgadóra agus do lean Meirlíno é agus iar dteacht amach dhóibh do connairc Meirlíno an ní fa hiongnadh leis .i. cathair  
460 ábhal aibhseach agus pálás álainn iongantach dob áille agus dob aoibhne  
124b darbh fhéidir d’fhaicsin nó d’fhéachain. Óir is amhlaidh ro / bhaoi múr agus balladh na caithreacha soin arna ndéanamh de chriostal agus de *chrísolít* agus de *thófás* agus den *ónix* agus de *mhargariót* agus de *iasper* agus den *emeráld* agus den *diamond* agus den uile chineál péarladh agus  
465 cloch uasal archeana ionnas go madh lór de fhlaitheas agus d’aoibhneas le duine nó re haingeal dar chruthaigh Dia ariamh bheith ag féachain an lonraidh agus an deallraidh do bhí ag teacht ó m[h]úr agus ó bhalladhaibh agus ó chlochaibh na cathracha soin.

Féachas Meirlíno tair bhallaibh na cathracha isteach agus do chí srutha  
 re hén pheacadh amhaín marbhtha dhó agus [f.121a] Agus taisbéntar a chlann  
 agus a cháirde agus athair agus a mhathair dhó lán do ghloír agus dáoibhnios  
 síórrtuighe agus mar an ccéadna sluágh dubh diabhlaidh air an laímh eile reidh  
 do chum a fhuadách leo do caitheamh na bphián síórrtuighe. Agus dá brigh sin

gabhuid racht agus eúd chuca reis an druing sin do chíd lán do ghloír agus daoibhnios ionnus gur mó phiánas an racht sin iád aig siór smuanúgh air an ghloír do chailleadar tre én pheacadh amhaín, no abfuil do phíantaibh oile orrtha gidh ádhbhal iád. Agus do bhéir easumplaír dhuit air sin air an Spiorad. da mbeith rí cumhachtach ann air sé agus go mbeith duine uásal aige lán do mhuirn agus donóir agus go mbeith air laímh agus air leabaidh aig an rí tair gach aón oile agus go ttaigeomhadh don duine uásal sin cair ghráineamhail do dhenamh anaghaidh an rí agus go tteabhradh an rí fo déara atheilgion abprísún dhaingean dhorcha agus glastrach agus geibhionn do chur air agus go nglacfadh duine eile ina aít agus go bfaicfeadh an príosúnach an duine sin oile isin muirn agus isin onoír do bhi aige feín agus do fhéadfadh sé do bheith aige muna beith adhroch iomchair feín [f.121b] dhroch iomhair feín. Do líonfaidh do racht agus dfheirg ris fein ann sin, ionnus go madh (mor) mó an dochar do bhíadh na chraoidhe ó neimh na feirge, no, ón gheibhionn agus on ghlasrach do bhíadh air, agus is mar sin taíd na dronga damanta air bfaicsin na gloire do chaill siád agus gan dúil aca re síchaín an rígh neamhdha dfhagáil go brath. Agus gidh hádhbhal na piánta so air an Spiorad ata pianta oile nach bfaicionn tú air muintir ifrinn, is mó no gach piánta air sé. Cread na pianta sin air Meirlíno. Ata air an Spiorad reimhfhéchuin na siorruigheacht. Oir is amhlaidh ata in tshiorruigheacht air sé, mar bheith rotha cóiste no cartacha (air sé). Oir amail mar ta an rotha gan chrích gan fhoircheann acht an chuid do chuaidh thort dhe tiecht ort go nuáidh arís, is amhlaidh sin ata an tshiorruigheacht air se. Oir in tan do theíd deich míle milliún bliadhan hort air sé, ní bfuilid acht (acht) attús a bphían ann sin, agus anuaír rachus deich mile milliún oile hort, ni bfuilid acht attús abpeine do bhrigh go mbionn anaimsir do chuaidh thort ag teacht ortha amail fainne no rotha, agus mar sin [f.122a] mar sin go bfuilid piánta ifrinn agus gloír flaitheamhnus gan chrích gan fhoircheann. Oir da ttigeadh én beag acceann gach bliadhana no cheile agus lán aghuib do bhreith as an fhairge da mbeith dúil aig muintir ifrinn go bhfuigdis furtacht anuaí do thiomochadh an

*fhairge ris sin, ní bhíadh cás no ceisd leó ann sna piantaibh ata ortha acht is amhlaidh mar ata, ní táinic agus nithiucfaidh anuair ina bhfuighid furtacht no fúasgladh. Do bhrígh anuair do chruthaigh dia ifrionn deagla go ngeabadh taisi no truáighe é air mhoill no air lúas trocaire do dhenamh air an druing dhamanta, do ordaigh ann sin tre cheannradharc na díadhachta gán gul nó garta no pianta no dochar da bfuil anifrionn do chluistin no deísdeacht no dfaicsin a bhflaithios dé go bráth oir dabfhaiceadh dia méad andochair ni bhíodh cumas aige o mhéad agus o líonmaireacht athrocaire gan taise do ghabhail leo uair eígin agus trocaire do dhenamh ortha. Acht iseadh do rinne accur as a chuimne go siórtuighe suthain. Agus mar ataíd muintir ifrinn dearbhtha dhe sin, is mo phiánas réimhfhéchain na siorruidheacht iád no mead a ndochair don táoibh oile. Truaighe an sgéal innsios tú no gach sgéal air Meirlino [f.122b] Meirlino, agus an bfuil sochar pianta aig duine an ifrinn seacha duine oile air sé. An tí is lugha piánta anifrionn air an spiorad. Ata dóchain air chruthaigh dia ariamh air da roinntigh ortha é. Gidheadh is mo pián an chríostaidh ann go mór, no pián an pháganaigh no ananchríostaidh do bhrígh go roibh fios adlighidh agus na naidheantadh aig an ccríostaidh agus gur bhris iád agus nach roibh abfhios aig an bpagánach agus da mbeith go ccoimhliónfadh iád níos fearr no mar do rinne an críostaidh agus da bhrígh sin is mó piánta an chríostaidh no an pháganaigh. Innis damh air Meirlino an bfuil cumhachta no impidh ag diabhal air dhiabal oile anifrionn. Tá go deimin air an Spiorad. Oir ataíd dhá rí anifrionn ag abfuil impidhe agus cumachta air na díabhlaibh oile go coitcheann .i. Lúsifeir agus Belsebúb, agus ataíd deich righeachtadh anifrionn agus aig so an anmannadh alaidin agus aghaoidheilg.*

Terra tenebrosa .i. tír adorchaiduis

Terra oblivionis .i. tír andearmuid.

Stagnum ignis .i. currach na tineadh.

Lacus mortis .i. loch abhaís [f.123a]

Infernus .i. ifrionn iochtarach.

Tartarus .i. tír an uathmhain.

Orcus .i. an lag nach líontar.

Gehenna .i. an tine nimhe.

Baratheum .i. tír an amgair.

Casma .i. adhbha na bpián.

Agus is amhlaidh ataíd na riogheachtadh so, dambeithea da siubhal go bráth ní bhfuighthea crioche no foircheann aón riogheachta diobh agus ní bfuil pián no dochar anénríogacht aca nach bfuil air gach en nduine aniofrionn. Agus atá cuíg riogheachtadh dhíobhso fa cumhachtuibh Lúsifeir agus na cuíg righeachtadh oile fa Bhelsébúb air sé, agus cuirid diabal os coinne gach én ghné pheacaidh do mhealladh an Chríostaidh air an tshaogal agus do chur caithigh air, agus muna tí don diabal sin an duine do mhealladh agus do tharring go hifrionn, na piánta do bhaói a ccoinne an duine dúblaightheair air an diabal sin iád maille re na roibhe air hana. Anois air an Spiorad Eoluigh do connuirc tú an ní do badh maith leat .i. amarc air phiántaibh agus air thoirmintibh ifrinn agus anois air sé lean misi go mbeirinn as an aítisi thú amail mar do gheall mé agus na bean re hén ní dabfaice tú no go ndeachair as so. Do ghluáis an Spiorad agus Meirlíno na dhiád agus do chí Meirlíno air aláimh dheís [f.123b] dheis, mur no balla adhbhal aibhseach agus gártha agus gola agus piánta agus dochair mor ann, amail mar do connuirc in gach aít oile air feadh ifrinn roimhe sin. Agus cuid da roibh da bpíanadh ann aga radh.

Athighearna agus adhiá na trocaire ca fad bhiám ann (so) sna piantaibh so agus cuid eile dhíobh da rádh achairde grádach ata air an tshaogal is truagh an mhainneachtaidh do ní sibh fa ghuibhe agus fa urnaighe agus fa dheirc do dhenamh re ar nanuimne ionnus go bhfuighmís furtacht ona piantaibh ina bfuilid. Do labhair Meirlíno ann sin agus iseadh adubairt. Nach dubairt tú

liom *air se, nach* bfuil dúil ag muintir ifrinn re *furtacht* no re foirighín go bruinne mbrath agus mbeatha, agus créad uma bfuilid an drong dhamhantaso ag gárthaibh *air dhiá* no *air a ccairdibh amhlaidh súd*. Ní do muintir ifrinn iád *air* an Spiorad. Acht aíg súd purgadóir *air sé* agus an drong do gheibh bás *air shlighe slánuigh* tiaghuid go purgadóir do thabairt díoluigheachta agus sásuigh do dhiá in *gach ní nach dearnadar lórghníomh ann air* an tshaogal. Agus taíd piánta purgadóra comh cosmail re piántaibh ifrinn acht amain go **[f.124a]** amhaín go bfuilid an muintir bhiós abpurgadóir dearbtha go bfuighid trocaire agus fuasgladh as abpiantaibh úair eigin, agus fós go ttugann guibhe agus urnaighe agus trosgadh agus maithghníomha accairdeach agus na bhfírén *air* an tshaogal aithghiorrugh piánta dhaibh agus as uime sin ataíd ag gárthaibh *air* a ccairdibh *air sé*. Adubairt fear don muintir sin do bháoi abpurgadoir. Do sháoil me féin *air sé* nach dearna diá breag ariamh gus anois, oir do ghealladh dhamh anuair táinic me go purgadóir nach biann ann acht cuig lá agus is amhlaidh mar atá, ataím re cuig mhíle bliadhan ann. Créad uma ndearna diá bréag ris an bfear úd *air Meirlíno*. Ni dhearna diá bréag ariamh *air* an Spiorad. Acht ata do mhéad dochair agus dofhulaing curadh agus greadadh na bpian atá *air* go saoilonn go bfuil re cuig mhíle bliadhan ann agus ní bfuil se ré cuig lá ann fós oir anúair thiucfus na cúig lá asteach rachaidh go flaitios dé gan mhoill gan cháirde. Haithle an chomhraidh sin do ghluáis an Spiorad. roimhe as thuathaibh ifrinn agus purgadorá agus do lean Meirlíno é agus *air* tteacht amach dhoibh do connuirc Meirlíno an ní fa hiongnadh leis .i. cathair ádhbhal aibhseach agus palás alúinn iongantach dob áille agus dob aoibhne dar bhéidir dfaicsin no dféacháin. Óir is amhlaidh ro **[f.124b]** ro bhaói múr agus balladh na caithreacha soin, *air* na ndénamh do chriostal agus do chrísolít agus do thófás agus don ónix agus do mhargariót agus do iasper agus don emeráld agus don diamond agus don uile chínél pérladh agus cloch uásal aircheana ionnus go madh lór do fhlaithios agus dáoibhnios le duine no re haingiol dar chruthaigh dia ariamh bheith aig féachain an lonnraidh agus an dealraidh do bhí ag teacht

omúr agus o bhalladhuibh agus o chlochaibh na cathracha soin. Fechus Meirlíno tair bhallaibh na cathracha asteach agus do chí srotha fíoráilne fíoruisge agus go madh samhailta re fíón uasal gan trualladh an baltanus do bhi aig teacht dona srothaibh soin agus a nomad do chrannaibh aille egsamla idir na srothaibh sin agus go madh lór dáoibhnios agus dúrghairdiugh bheith ag féchain na ttórtha agus na mblatha do bháoi air na crannaibh sin, agus eoín aille édrochta ambarra na ccrann soin aig caintin ciuil agus oirfide agus liúithe agus orgaín agus instruminte ciuil na cruinne do chur accomhthsheim go madh binne guth agus glóir en eín amhaín aca sin. Agus mar an ccéadna do connuirc a niomad do ríoghuibh agus do phrionnsaighuibh agus do dhaóinibh air a roibh eáduighe riogha [f.125a] riogha agus coróin dhealladhradhach lán do phearladaibh agus do gheamhaibh air ceann gach duine dhíobh agus go madh dealraithigh ina an ghrián gharrtha an lonnradh agus an ruithne do bhi aig teacht dho ghnúis agus daghaidh gach aóin diobh. Agus fós aniomad do maighdeanaibh gruádh corcra gealghnuiseach agus do leanbanaibh óga aíga roibh gnúis agus deilbh ainglidhi ortha. Mo chumairc ort air Meirlínó agus innis damh cia an aít aoibhinn so air sé ata comhghar agus so do ríoghacht ifrinn. Ni hamhlaidh ata air an Spiorad. Is fada origheacht ifrinn í gidh nach saoiléann tusa é, agus aig so air an Spiorad. Teághais do thígheadhuisuibh párthasa neamhdha, aít ambíid lucht na mbocht agus dhénta thoile dé anáoibhnios shiórtaighe. Agus na srotha fíorailne úd do connuirc tú air sé. aig súd uisge na beatha agus gidhbe fhécfus an tuisge úd ní bfuighe bás tre shaogal na shaogal agus ní bhionn tart nó ocrus no easbaidh air bioth air go bráth agus ní luighionn aóis no urchra fair acht abheadh lán don uile aoibhnios go siórruighthe suthain. Agus na heóin do chúala tú aig cantain an chéoil, aig súd aingil nimhe bhíos do ghnáth ag siór mholadh dé uile chumhachta agus na ríghthe agus na prionnsadh do connuirt tú, aig súd na daoíne [f.125b] daoíne bochta uirisle do connuirc tú aig seachna an bhealaigh ina roibeadar na coisteadh agus na carbait agus daóine diomsacha an tshaogail agus do ghabh in

*tshlighe ina roibhe an dochar agus an doilghios .i. an drong do chuir crádh agus cuing air a ccorpuibh re trosgadh agus re deirc agus re hurnaigh agus re truasaibh ata coroín ghlórmhar air gach aon diobh anois ina éric sin lán do gach uile aoibhnios abfochair na trinoíde an feadh bhiás diá na dhiá. Agus na maighdeanadh gruadh chorra ad conncais is iád sin an drong do bhi geanmnaidh agus tug ambeatha attír anoghacht agus anórd pósta gan truailleadh (gach) gan drochgníomh agus na leinibh do connuirc tú air abfuil in ghnúis ainglidh aig súd na léinibh fuair bás tair eís ambaisdidh agus nach ar rugh air pheacadh do dhénamh ·airse· Is truagh air Meirlíno nach roibhe me aón úair amhaín do ló astigh ann súd. Ní féidir dhuit sin air an Spiorad. (oir) an feadh bhiás colann daonna ort oir ní theíd én ní asteach ann súd acht gloine agus fírinne air sé. Agus anois air an Spiorad. do connuirc tú an ní badh maith leat agus fuígfedsa thú anois agus ata tú air an tshaoghal air se agus dená mar is toil leat oso amach agus leis sin tig cheo mór attimchioll Meirlíno, agus air sgaoileadh don cceo do gheibh efein na sheasamh air*

*Folios 126a, 126b from MS. TCD 1399 missing. The following is taken from MSS. TCD 1335. and BL Egerton 106. Words found in bold type are obscure or missing in MS TCD 1335 and are supplied from MS. BL Egerton 106.*

**[f.22/f. 142a]** an ait ina ttánic an spiorad chuige .i. a ccomhrac an da bhealach agus ann sin do smúain air a drochbheatha fein, agus air gach taisbeunadh da **[f. 142a]** bhfaicis sé, agus iseadh do rinne a arm, agus a eairimh do theilgion uath, agus imdheacht co háit aroibhe teampuill choisregha, agus do bhí abhann laimh ris an teampuill, agus teíd isin abhainn, agus do leig **air** a ghlúinibh inte é, agus do bhí an tuisge aig eirghe fo na ucht, agus fo na bruinne fair, agus do bhi ann mar sin go ttrathnóna, agus an **táer afeartain agus** ag siocair, agus air teacht na haoidhche téid don teampuill, agus nochtuis a chorp agus luigheas air an talamh lomnocta, agus do bhaói ag gárthaibh agus ag geirghuidhe air dhía amhlath sin agus do bhíodh air a ghlunibh isin abhainn air lér láe, agus na luidhe air an talamh lomnoctaidh isin naoic re headh aimsire airighthe aig

píanuibh na colla colaigh ciontache agus ag deanamh geiraitheach no go ttainic fa dheiridh an Spiorad da ionnsoigh [f.23] soigh agus go ndubairt, a Meirlíno air se, do eist día réadh ghuidhe, agus do bhrigh go bhfuil aithridhe ort fona ndearnuis dolcuibh go nuige so, agus go bhfuil rún fírinnach agad gan teagmháil isin peacachaoibh nísá mhó do chonaichas do dhía trocaire do dhéanamh ort, agus gur beadh do dhéanuis tú ar se, imtheacht ar feadh na bpuitableach da tteagasg, agus do fhoillsuighadh dhóibh gacha a bfaicuis. Do rinne Meirlíno amhladh sin, agus do bhaoi na bhuabhall bhinnghlorach aig teagusg, agus aig tarring na ccriostuidhe do chum dé uilechuacht, agus no go bhfhuair bás naomhtha **andeabheathuigh**.



## APPENDIX 4 – GLOSSARY

**acht**, *conj.* but, **5** *et passim*; *acht amháin* (go), except, **440**; *rel. acht a bheadh lán...*, but he would be full..., **492**; *acht cheana*, however, but anyhow, **23, 34**; *after neg. form of v.*, only, **300** *et passim*; *with vn. acht an chuid do chuaidh thart dhe [ag] tiecht ort go nuaidh arís*, when that part of it which has passed by comes back round again, **358**; *with conj. go and v.* (i) *acht go dtaispéanaid cuid de phiantaibh ifrinn*, as soon as I show you some of the punishments of hell, **138**; (ii) until; *acht go bhfaghmuid ár gcuid den choirm*, until we get our share of the ale, **105**.

**ábhal**, *adj.* great, immense, mighty, **117**, *et passim*.

**ábhalmhór**, *adj.* vast **176**, *et passim*.

**adhbha**, *f.* abode, dwelling place, **406**; *dat. sg. adhbhaidh*, **150**, *et passim*.

**aer**, *m.* sky, atmosphere, **523**.

**ag**, *prep.* with demonstrative adjective **so**, **sin**, **súd**, here is/are, there is/are, behold; equivalent of Latin *ecce* and French *voici/voilà* (*eDIL* s.v. oc); **ag sin**, **130** *et passim*; **ag so**, **128** *et passim*; **ag súd**, **67** *et passim*.

**aghaidh**, *in compd. prep. re haghaidh*, expressing purpose; *re haghaidh a bheith [ag] friothólamh na bpian ndofhulaing ortha*, in order to mete out unendurable punishments on them, **173**.

**aibhseach**, *adj.* great, immense, vast **421, 459**.

**aigmhéil**, ‘áibhéil’, *adj.*, fierce, dangerous, terrible, *dat. pl. aigmhéile*, **260**.

**aill**, ‘eile’, ‘oile’, *adj.* other, one of two, second, **2**; see **feacht**.

**ainchríostaidh**, ‘ainchríostaí’, *n. masc.* non-christian, heathen, **385**.

**ainmhianach**, *adj.* intensely desirous, lustful, greedy, **220**; *dat. sg. ainmhianaidh*, **249**.

**aire**, *f.* notice, heed, attention; *tug Meirlíno dá aire go mór*, Merlino... paid particular attention (to), **24**.

**aithghiorrú** ‘aithghearradh’ (*Dinn.*) *m.* act of abridging, cutting short, **444**.

**aithle**, *subst.* (in phrases) (*a*) *haithle* followed by *gen. noun.*, *haithle na conaire*, **88**, *haithle na droinge sin*, **207**, *haithle an chomhráidh sin*, **456**; as a *haithle sin*, after that, **176**, **235**.

**áitreabh**, *m.* dwelling, habitation, **7**.

**álainn**, *adj.* beautiful, lovely, fine, splendid, **92**; *pl.* **áille** **60** *et passim*, **áilne**, **162**; *comp.* **áille**, *dob áille*, **459**.

**am**, *m.* time, opportunity, chance, **102**, **107**.

**amharc**, *m.* sight, look; *gen. sg.* **amhairc**, **231**; *gen. pl.* in *éiric na n-amharc*, **196**; *amharc d'fhaicsin ar*, to catch sight of, **42**, **127**; preceded by *prep. ar*, in sight of, within sight of, *gan én neach ar a n-amharc*, no one within sight of them, **98**, *beirthear ar amharc flaithis Dé é*, he is brought within sight of the kingdom of God, **329**.

**amas**, *m.* grab; *amas do thabhairt ar...* to grab, **243**.

**amhgar**, ‘angar’, *m.* hardship, misfortune, want, distress; *gen.* *amhgair*, **405**.

**amhail**, *prep.* like, **363**; with *prep. mar*; *amhail mar*, as, just as, like, **125** *et passim*.

**amuigh**, *adv.* outside; *don leith amuigh*, on the outside, **92**.

**anam**, *m.* soul, **189**, *dat. pl.* *anaim*, **430**.

**anbhann**, *subst.* weak person, *gen. pl.* ~ , **221** (*Dinn.* s.v. *anbhann*).

**anróidh**, *m.* genitive form of *anrógh* (*Dinn.*) ‘anró’, **255**.

**antoil**, *f.* great desire, self-will, evil disposition; *gen. sg.* **antola**, **23**, **249**, **252**.

**anuabhar**, *m.* excessive pride, arrogance; *as a ndearnadar uail agus anuabhar*, of which they were so excessively proud, **166**; *gen.* **anuabhair**, the arrogant, **175**.

**aoibhneas**, *m.* bliss, delight, festivity, **77** *et passim*; *gen. sg.* **aoibhnis**, **18**.

**aonach**, *m.* reunion, popular assembly or gathering, **55**.

**araidh**, *m.* dative form of *ara* (*Dinn.*) ‘ara’, attendant, **98**.

**archeana**, *adv.* besides, as well, **464**.

**ardaigeantach**, *adj.* lofty-minded, haughty, **81**.

- ardaigneadh**, *m.* haughtiness, high-mindedness; *gen. sg.* **ardaignidh**, 169.
- athair**,<sup>1</sup> ‘nathair’, *f.* serpent, snake, 192, 225, 226; *dat. pl.* **aithreachaibh**, 277.
- athair**,<sup>2</sup> *m.* father, 331.
- athtuirsigh**, *adj.* genitive singular feminine form of **athtuirseach**, ‘atuirseach, very weary, sad, dejected, 88.
- baile**, *m.* in relation to nobility, court, 67, 71, 91.
- baistidh**, ‘baistí’, *m.* genitive form of **baisteadh**, baptism, 506.
- barra**, dative plural form of **barr**, *m.* top branching portion of trees, branch, 473.
- baltanas**, ‘boltanas’, *m.* smell, scent, fragrance, 470.
- béalaibh**, dative plural form of **béal**, *m.* mouth; *ar béalaibh*, opposite, in front of, 149.
- bean re**, ‘bain le’, *phr. v.* touch, 420.
- binnghlórach**, *adj.* sweet-voiced, eloquent, 18, 537.
- brad**, (bradú), *vn.* act of plundering, robbing, robbing with violence, 5.
- brághaid**, dative singular form of **brágha** (*Dinn.*) ‘bráid’, *f.* neck, throat, 145, 179, 192, 194.
- bráth**, genitive form of **bráth**, *m.* doomsday, the last judgment, 433.
- breath**, genitive plural form of **breath**, ‘breith’, *f.* judgement, 290.
- briathar**, *m.* word; *nom. pl.* **briathara**, 203, 212, 227, 244, 263, 279, **briathartha**, 40; *gen. sg.* **bréithire**, 16, **bréithaire**, 28.
- bruinne** ‘broinne’, *m.* brink, verge, 431.
- buabhall**, *m.* clarion, bugle-horn, 537.
- buain de**, ‘baint de’, *vn. with prep. de*, take from, extract, elicit, 38.
- cá**, *interrog. pron.* what, how; (i) **cá conair a ngéabhdís**, what path they would take, 53; **cá fad bhiam ann sna piantaibh so**, how long will we be in these pains, 425; (ii) **cá fios with negative clause**, **cá fios nárbh fhearr dhúinne áit...**, perhaps there would be no better place for us..., 69.
- cáir**, *f.* ‘cár’, mouth showing teeth, face, grimace, 342.

**cairdeach**, genitive plural form of **cara**, friend, **443**.

**cairde**, *m.* delay, respite, **455**.

**caithigh**, genitive form of **cathughadh** ‘cathú’, *vn.* fighting, temptation, trial, **413**.

**cartacha**, genitive singular form of **cairt**, *f.* cart, **357**.

**cádhas**, ‘cás’, *f.* honour, reverence, **4**.

**cás**, *m.* concern, trouble, distress, bother; *ní bhiadh cáis nó ceist leo*, would cause them no concern or anxiety, **369**.

**ceannradharc**, *m.* vision, longsightedness, **373**.

**cia an**, ‘cén’ *interrog. pron. with def. art.* what, **484**.

**cianaibh**, dative plural form of **cian**, *f.* length of time; *ó chianaibh*, just now, a while ago, **158**.

**cill**, *f.* clergy (as distinct from laity, **tuath**), **4**.

**ciodh**, ‘cé’, *conj.* (i) *ciodhtrácht*, however, in any case, **78**, *ciodhtráocht*, **27**; (ii) *with preposition do and negative form of verb*, why should not...?; *ciodh dhamhsa nach déanainn aithreachas*, why should I... not repent, **308**.

**ciordhubh**, ‘ciardhubh’, *adj.* jet-black, sable, **178**, **181**.

**cionnas**, ‘conas’ *interrog. adv.* how, **321**.

**cluain**, *f.* deceit, deception, **36**.

**coinne**, *in compd. prep. i gcoinne*, ‘faoi choinne’, (awaiting, prepared) for, **20**, **22**, **23**, **66**, **415**.

**coirm**, *f.* ale-feast, **66**, **106**.

**coitcheann**, ‘coiteann’, *adj.* common, general; *go coitcheann*, in general, all, **30**, **394**.

**colaigh**, genitive singular feminine form of **colach**, *adj.* wicked, sinful, **528**.

**colann**, ‘colainn’, *f.* body, flesh, the flesh; *nom. sg.* **colann**, *an feadh bhias colann daonna ort*, while you are clothed in human flesh, **510**; *dat. sg.* **colainn**, *i gcolainn daonna*, **306**, *im’ cholainn daonna* alive, **308**; *gen. sg.* **colla**, *ag pianadh na colla colaigh ciontaighe*, chastising the wicked guilty flesh, **528**.

- comaire**, ‘coimirce’ *f.* protection; *mo chomairc ort*, I implore you. **484**.
- comhair**, *compd. prep.* **fá chomhair**, in preparation for, awaiting, **29, 128**.
- go comhchoitcheanna**, *adv.* in general, **118**.
- comhcosmhail** ‘comhchosúil’ *adj.* exactly similar (*with prep. re*) to, **440**.
- comhól**, *m.* drinking (together), carousing, revelry (*Dinn.*), **107**.
- comhrac**, *f.* meeting, confluence, **517**.
- conair**, *f.* way, road, path, passage, **53**; *gen. pl.* conaire, **88**.
- congabháil**, ‘coinneáil’, *vn.* contain, keep, hold, **261**.
- contabhairt**, ‘contúirt’, *f.* doubt, uncertainty, **298, 311**.
- cor**,<sup>1</sup> *m.* time, occasion; **den chor so**, at this time, on this occasion, for now, **137**.
- cor**,<sup>2</sup> *f.* tiredness, exhaustion, **87**.
- corrach**,<sup>1</sup> *aid.* (of terrain) rough, uneven, **8**.
- corrach**,<sup>2</sup> *m.* bog, marsh, **399**.
- corp**, *m.* body; *nom. pl.* **coirp**, **276**; *dat. pl.* **corpaibh**, **255, 499**; *ar a gcorp*, **199**.
- crádh**, ‘crá’ *vn.* act of tormenting, **253, 499**.
- craoidhe**, ‘croí’, *f.* heart (as locus of soul, emotions), **300, 317, 349**.
- craos**, *m.* mouth, gullet, gluttony, greed, **208**; *gen. sg.* **craois**, *i bpeacadh an chraois*, in the sin of gluttony, **247**.
- créad**, *interrog. pron.* what, **120 et passim**; *with prep. um* and dependent form of verb, why, **186 et passim**.
- creata**, *m.* frame, body, trunk; *gen. sg.* **creata**, **206**.
- creimneach**, *adj.* gnawing, damaging, **84, 181, 196**.
- críoch**, *f.* end, limit, **174, 270, 408**, *dat. sg.* **crích** **358, 365**; region, territory, *dat. sg.* **crí**, **66**.
- crísolít**, ‘crisilít’ *f.* chrysolite, **462**.
- cuireadh**, *m.* invitation; **ag dul ar cuireadh**, going as guests, **67**.
- cúradh**, *vn.* act beating, chastising; chastisement, **113 et passim**.

- daolaibh**, dative plural form of **daol**, *m.* beetle, **205**.
- dathghrána**, *adj.* ‘dath-ghrána’ (*Dinn.* s.v. dáth-, daith-, -dhath) “ill-complexioned”, hideously-coloured, hued, **116 et passim**.
- deallraidh**, genitive form of **deallradh**, ‘dealramh’, *m.* brilliance, sheen, **466**.
- dealladhradhach** ‘dealraitheach’, *adj.* bright, shining, resplendent **478**; *compar.* **deallraithigh**, **481**.
- deol**, ‘diúl’, *vn.* act of sucking, **197**.
- dí-áirmhe**, ‘dí-áirithe’, *adj.* countless, innumerable, myriad, **257**.
- diamhraibh**, dative plural form of **diamhair**, *f.* remote, unvisited place(s), **7**.
- díbhheirge**, genitive form of **díbhheirg**, *f.* marauding, pillage, strife, **10**.
- díolaigheachta**, genitive form of **díolaigheacht**, ‘díolaíocht’, *f.* payment, recompense, reparation, **438**.
- diombuan**, ‘díomuan’, *adj.* transitory, short-lived, **223**.
- diomsach**, ‘díomasach’, *adj.* proud, haughty, arrogant, **498**.
- diúl**, *vn.* act of sucking, **181**.
- do-áirmhe**, ‘do-áirithe’, *adj.* countless, innumerable, myriad, **182**.
- dóchain**, ‘dóthain’, *f.* sufficiency, enough, **383**.
- dochar**, *m.* hurt, misery, **85 et passim**; *gen. sg.* **dochair**, **376 et passim**; *nom. pl.* **dochair**, **423**.
- dochum**, ‘chun’, *prep.* to, towards, **138, 536**; *with vn.* in order to, **37, 333**.
- dódhadh**, *dó*, *vn.* burning, **113**.
- doilgheas** ‘doilíos’, *m.* hardship, **499**.
- domblas**, ‘domlas’, *m.* **domblas ae**, bile, **252**, **domblais ae**, **236**.
- drochiomchair**, ‘drochiompar’, *m.* bad behaviour, misbehaviour, **348**.
- drong**, *f.* multitude, band, crowd, throng, **153 et passim**; *gen. sg.* **20 et passim**; *nom. pl.* **151 et passim**; when used with a direct relative clause, those who, **191 et passim**.
- dúblaighthear**, present autonomous form of **dúblaigh**, ‘dúbail’, *v.* double, increase, **415**.

**eachraidh**, *f.* ‘eachra’ *m. coll.* horses, team of horses, **80, 96, 103.**

**éadáil**, *f.* spoil, **56**; *gen. sg.* **éadála**, **70.**

**eadarscaradh**, ‘idirscaradh’, *m.* separation, parting; eadarscaradh dhá bhealach, the parting of two ways, **50.**

**éadrochta**, plural form of **éadrocht**, ‘éadracht’, *adj.* bright, shining, **473.**

**éan**, *m.* bird; *gen. sg.* **éin**, **475**; *nom. pl.* **eoin**, **473, 493.**

**earradh**, ‘earra’ *m.* armour, accoutrements, **519.**

**easampláir**, ‘eiseamláir’ *f.* example, illustration, **339.**

**eascaoin**, ‘eascainí’ *f.* (act of) cursing, **114.**

**easumhlacht**, ‘easumhlaíocht’, *f.* disobedience, **268.**

**éiric**, *f.* compensation, repayment for a negative action; *compd prep. with prep. i*, in éiric, in return for, in requital for, **165 et passim.**

**eolach**, ‘eolaí’, guide, learned, educated person; *gen. form used as attrib. adj.*

**an Spiorad eolaigh**, the Spirit guide, **137 et passim.**

**fá**, *prep.* ‘faoi’ **29 et passim.**

**fadógh**, ‘fadú’, *vn.* act of kindling, lighting, **260.**

**fairrge**, ‘farraige’, *f.* sea, **367.**

**faisnéis**, *vn.* explaining, relating, **18.**

**fáras**, ‘áras’, *f.* abode, dwelling, residence, **7.**

**feadh**, *m.* distance, interval between two points of space or time; *with def. article followed by dir. rel. clause*, for as long as, while, **168 et passim**; *in compd. prep.* **ar feadh**, throughout, all through, all over, **97 et passim.**

**fiaghnaise**, ‘fianaise’, *in compd. prep.* **i bhfiaghnaise**, in the presence of, before, **250**, **ina bhfiaghnaise**, **240.**

**fidir**, ‘feadair’, *defect. v.* know, be aware of. See linguistic analysis.

**flaitheamhnas**, ‘flaithiúnas’, *m. gen. pl. ~*, **364.**

**fochair**, *in compd. prep.* **i bhfochair**, along with, alongside, in the presence of, **52, 502.**

**foircheann**, ‘foirceann’, *m.* end, term, limit, **270 et passim.**

**fóirighin**, ‘fóirithint’, *f.* help, succour, relief, **256** *et passim*.

**for**, *prep.* on, upon, over (= **ar**); *prep. pron.* 3<sup>rd</sup> *sg. m.* **fair**, **14**, **492**, **522**; 3<sup>rd</sup> *pl.*

**forra**, **142**.

**fri**, *prep.* with, against, towards (= **re**); 3<sup>rd</sup> *pl.* **friú**, **262**.

**fuascladh**, ‘fuascailt’ (*Dinn. s.v. fuascailt*), *f.* release, deliverance, **287**, **370**, **441**.

**furtacht**, ‘fortacht’ *f.* help, succour, aid, relief, **287** *et passim*.

**gártha**, nominative plural form of **gáir**, *f.* cry, shout, call, **113** *et passim*.

**gath**, *m.* spear, dart, **226**.

**geamhaibh**, dative plural form of **geam**, *m.* gem, precious stone, **479**.

**géar-**, *prefix in compds*, sharp, keen, well-defined, dire, stern (*Dinn. s.v. géar-, géir-*); **géaraitheach[ais]**, *m.* earnest repentance, **529**; **géarghol**, *vn.* bitter weeping, **113**, **152**; **géarnreadadh**, *vn.* viciously thrashing, **269**; **géarghuí**, *vn.* beseeching, **526**; **géalloiscthe**, *genitive form of géarloscadh*, *m.* scorching, scalding, **255**; **géarnimhe**, *genitive form of géarnimh*, *f.* intense virulence (?), **148**; **géarnimhneach**, *adj.* agonising, **259**; **géalphianadh**, *vn.* punishing scathingly, **232**.

**gidh**, ‘cé’, *conj.* however, **gidh ábhal iad**, however great they are, **335**; **gidh hábhal iad**, **353**; *in rel. clause*, although, even if; **gidh nach saoiléann tusa é**, even if you do not think so, **486**.

**gidhbé**, ‘cibé’, *indef. pron.* whoever; **gidhbé fhéachfas an t-uisce úd**, whoever tastes that water, **490**.

**gidheadh**, *conj.* although, **384**.

**gloine**, ‘glaine’, *f.* purity, cleanness, **511**.

**glonmhaire**, comparative form of **glonmhar**, *adj.* disgusting, **142**.

**gol**, *m.* weeping, crying, lamentation, **373**; **gola**, **422**.

**gothradh**, ‘goradh’, *vn.* heating, warming, burning, roasting, **185**.

**gráineamhail**, ‘gráiniúil’, *adj.* horrible, dreadful, shameful, abominable, **145**, **209**, **343**; *pl.* **gráineamhla**, **201**, **277**.



**grádhaidh**, vocative singular form of **grádhach** ‘grách’, *adj.* loving, beloved, **63, 120**; vocative plural, **428**.

**greadach**, ‘greadánach’, *adj.* scorching, stinging (?), **148, 258**.

**greadadh**, *vn.* scorching, lashing, thrashing, **113 et passim**.

**greis**, ‘greas’, *f.* attack, pillage, plunder, **49**.

**gruadhchorcra**, *adj.* rosy-cheeked, **482, 503**.

**guibhe**, ‘guí’, (*Dinn. s.v. guidhe*), *f.* prayer, praying, **429, 442**.

**iar**, *prep.* after; *with vn. and prep. do*, after, having, while, *iar dteacht i measc cháich dhó*, and having found himself in their midst, **13 et passim**.

**iasper**, ‘seaspar’, *m.* jasper, **462**.

**iomad**, *subst.* many, a great number, **58 et passim**.

**iomdhaidh**, ‘iomaí’, *adj.* many, **93**.

**ionadh**, ‘ionad’, *m.* place; ionadh coinne, meeting-point, rendezvous, **47, 49**.

**iongantach**, ‘iontach’, *adj.* wonderful, **459**.

**iongnadh**, ‘ionadh’, *m.* wonder, surprise, **111, 458**.

**ionnas**, ‘ionas’, *subst. as adv.* **ionnas go**, so that, **43 et passim**.

**ionnmhas**, ‘ionnús’, *m.* wealth, riches, goods, **71 et passim**.

**íota**, *f.* great thirst, **246**.

**lag**, *f.* lowness, hollow, pit, **403**.

**lámh**, *in compd. prep.* **láimh re**, beside, *láimh ris an teampaill*, beside the church **520**.

**lámhaiseach**, *adj.* highly decorated, **60, 166**.

**lasadh**, *m.* **ar lasadh**, alight, ablaze, burning, **281**.

**lasair**, **b.** flame, blaze, **144 et passim**; *dat. pl.* **lasrachaibh**, blaze, **148**.

**láthair**, *in compd. prep.* **de láthair**, (*Dinn. s.v. láthair*) in the presence of, before, **52**.

**leaba**, *f.* bed; *dat. sg.* **leabaidh**, **341**; *nom. pl.* **leapa**, **274**; *dat. pl.* **leapthaibh**, **6, 273**; *gen. pl.* **leaptha**, **254**.

**leacaí**, *m.* lackey, attendant, **99**.

- leanbánaibh**, dative plural form of **leanbán**, *m.* baby, infant, **481**.
- leinibh**, dative plural form of **leanbh**, *m.* infant, babe, child, **505**.
- léas**, *m.* light of the day, of the sky, *ar léas lae*, by day, **527**.
- leatrom**, *m.* injustice, oppression, **221**; *gen. sg.* **leatroim**, **169**.
- leisc**, ‘leisce’, *f.* laziness, (the sin of) sloth), reluctance, disinclination, unwillingness, **284**; *gen. sg.* **leisce**, **280, 282**.
- líoghdha**, ‘líoga’, *adj.* beautiful, coloured, lustrous, **60, 165**.
- ló**, dative singular form of **lá**, day, **508**.
- lomnochta**, (*Smaointe B. Chr.* s.v. lomnochta), ‘lomnocht’, naked, stark naked, **525**.
- lór**, (*leor*), *adj.* enough, plentiful, sufficient, **464, 471**.
- lórghníomh**, (*leorghníomh*), atonement, (penitential) satisfaction, **439**.
- liúithe**, nominative plural of **liúit**, *f.* lute, **474**.
- mallaidh**, (*mallaighthe, mallaithe*), *past part.* cursed, accursed, **4, 228, 230**.
- mainneachtaidh**, (*mainneachtain*), *f.* negligence, remissness, **428**.
- marbhadh**, (*marú*), *vn.* act of killing, slaughter, **6**.
- marcshluagh**, (*marcshlua*), *f.* body of horsemen, cavalcade, **58, 64**.
- marfa**, *adj.* mortal, **peacadh marfa**, mortal sin, **330**.
- marfach**, *adj.* deadly, mortal, cruel, distressing, **150**.
- margaríot**, (*margréit*), *f.* margarita, *Lat.* pearl. **462**.
- meabhlach**, *adj.* deceptive, delusive, illusory, **161**.
- meall**, *m.* destruction, *do mheall teintighe tineadh*, to a scorching fiery destruction, **294**.
- meanmain**, dative singular form of **meanma**, *f.* mind, thought, **34, 127**.
- meanmnach**, *adj.* spirited, lively, **58**.
- mear**, *adj.* lively, spirited, mad, crazy, **58**.
- mearuallach**, *adj.* wild, flighty, (*Dinn.* s.v. **mear-**) **80**.
- milseacht**, *f.* sweetness, smoothness, flattery, **36**.
- mínálainn**, *adj.* gentle and beautiful, (*Dinn.* s.v. **mín-**, **mion-**) **93**.

**mínscothach**, *adj.* soft-flowering, (*eDIL* s.v. mín) gentle-flowered, (*Dinn.* s.v. mín-, mion-) **93**.

**mong**, (*mong*), *f.* thick growth of hair, mane, **178**; *dat. sg.* **moing**, **179**.

**mór-**, *prefix in compds*, big, great, all, many (*Dinn.* s.v. mór-, móir-);

**móraigeantach**, *adj.* most highly-spirited, **58**; **móraoibhneas**, *m.* great festivity, **74**; **mór-imshníomh**, *m.* great anxiety, unease, **87**; **mórmhaslughadh**, *vn.* abusing, reviling, **172**.

**morgaidh**, genitive singular form of **morgadh**, corruption, decomposition, putrefaction, **276**.

**mormónta**, *m.* wormwood **252**.

**muintir**, *f.* household, family, people, **125 et passim**; when used with a direct relative clause, those who, **170 et passim**.

**muirn**, *f.* favour, respect, esteem, **341, 346**; **muirn an tsaoghail**, love of the world, **159**.

**neamhdha**, (*neamhaí*), *adj.* heavenly, celestial, **352, 488**.

**nimhe**, genitive form of **neamh**, *f.* heaven used as an attributive adjective, *aingil nimhe*, heavenly angels, **494**.

**nimh**, *f.* poison; venom, virulence, bitterness, **255, 349**; *gen. sg.* used as *attrib. adj.* **nimhe**, **146 et passim**.

**nimhneach**, *adj.* poisonous, venomous, **225**.

**go nuaidh**, *adverbial form of nuaidh*, (*nua*), *adj.* anew, again, **359**.

**ochta**, genitive plural form of **ocht**, (*ucht*), *f.* breast, bosom, **181**.

**óga**, dative plural form of **óg**, *adj.* young, unsullied, pure, **482**.

**óghacht**, (*ócht*), *f.* chastity, virginity, **504**.

**oirfide**, *m.* entertainment, minstrelsy, music, **474**.

**ollghairdeas**, *m.* rejoicing, **111**.

**ónix**, (*oinisc*), *f.* onyx, **462**.

**oir**, nominative plural form of **ord**, *m.* sledge-hammer, **112**.

**ord**, *m.* order, state, *in ord pósta*, in a married state, **504**.

- orlaigheacht**, (orlaíocht), *f.* act of sledging, hammering, **112**.
- órnasc**, *m.* gold clasp, **193**.
- oslaithe** < **osluighthe**, past participle of **osluighim**, (oscail), *v.* open, **209**.
- parthasa**, genitive singular form of **parthas**, *m.* paradise, **488**.
- peacadh**, (peaca), *m.* sin, **165 et passim**; *gen. sg.* **peacaidh**, **412**; *nom. pl.* **peacaidh**, **201**; *dat. pl.* **peacadhaibh**, **533**; *gen. pl.* **peacadh**, **301**.
- péist**, *f.* beast, monster, **177, 264**; *dat. pl.* **piastaibh**, **210, 277**.
- pian**, *f.* punishment, pain, torment, usually in regard to retributive suffering, **319 et passim**; *gen. sg.* **péine**, **233, 362**; *nom. pl.* **pianta**, **21 et passim**; *dat. pl.* **piantaibh**, **128 et passim**; *gen. pl.* **pian**, **29 et passim**.
- pianadh**, *vn.* act of torturing, tormenting, distressing, punishing, **114 et passim**.
- pianta**, past participle of **pianaim**, torture, torment, distress, punish, **318, 383**.
- pianas**, ‘pionós’ (*Dinn. s.v. pianas*), pain, punishment, **336, 379**.
- pobal**, *m.* people (in general), folk, crowd; congregation **11**; *gen. pl.* **poibleach**, **535**.
- póite**, genitive singular form of **póit**, *f.* excessive drinking, **251**.
- racht**, *m.* violent emotion, fury, frenzy, fit, **323, 334, 336, 348**.
- réimhfhéachain**, ‘réimhfhéachain’, *f.* foresight, foreview, prospect; *réimhfhéachain na síoraigheacht*, **356, 380**. (*Dinn. s.v. réamh-, réimh-*)
- rinnidh**, comparative form of **rinneach**, *adj.* pointed, sharp, **178**.
- roinntí**, autonomous form of **roinn**, *v.* share, apportion, divide, **384**.
- saoghal**, *m.* life, world **160**; *dat. sg.* ~ , **saoghal**, *ar an tsaoghal*, in the world, in life, alive, **163 et passim**; *gen. sg.* **saoghail**, **9 et passim**; *gen. pl.* ~ , **174 et passim**.
- saoil**, ‘síl’, think, expect, imagine, suppose; **shaoil**, **110, 125, 131**; **saoileann**, **453, 487**.
- scaball**, *m.* collar, neck ornament, necklet, *gen. pl.* ~ , **193**.
- sciúrsa**, ‘sciúirse’, scourge, **146**.
- se**, ‘seo’, *dem. adj. used with slender vowel*, this, these; *sa gcrí se*, **65 et passim**.

**seacha**, ‘seach’, *prep.* beyond, more than, **382**.

**seachad**, *adv.* aside, away, **235, 257, 272**.

**seachna**, ‘seachaint’, *vn.* avoiding, evading, yielding, **14, 79, 496**.

**siansánach**, *adj.* resounding, resonant, **115**.

**síoraidhthe**, ‘síoraí’, *adj.* eternal, perpetual, **21, 164, 287, 296, 493**.

**síoraidheacht**, ‘síoraíocht’, *f.* **202, 256, 380, síoraigheacht, 357, 360**.

**síorthaidhe**, ‘síoraí’, *adj.* eternal, perpetual, **134, 330, 332, 334, 378, 489,**

**síorthaighe, 324**.

**síor-**, *prefix in compds*, long, enduring, habitual, continual, eternal, *al. intensive*.

(*Dinn. s.v. síor-, sír-*); **síorghnáth**, *as adv. with prep. de, de shíorghnáth*,

persistently, **45**; **síormholadh**, *vn.* forever praising, **495**; **síorscairtigh**, *vn.* for

ever calling, shouting constantly, **152**; **síorsmuaineadh**, ‘smaoineamh’, *vn.*

constantly thinking reflecting, **336**.

**slabhradh**, ‘slabhra’, *m.* chain, neck-chain, necklace, **193**.

**slad**, *vn.* plunder, pillage, **5**.

**smeach**, ‘smig’ *f.* chin, **239**.

**smuanadh**, ‘smaoineamh’ *vn.* thinking, reflecting, **317**.

**smuaineadh**, ‘smaoineamh’ *m.* thought, reflection, **45**.

**snáthaite**, genitive form of **snáthaid**, *f.* needle, **179**.

**so**, ‘seo’, *dem. adj. used with broad vowel*, this, these; *an marcshluagh so, 64 et passim*.

**súd**, ‘siúd’, *dem. adj.* **67 et passim**.

**súgh**, ‘sú’, *vn.* sucking, **181, 197**.

**súisteadh** (*Dinn. s.v. súisteadh*), ‘súisteáil’, *vn.* flailing, thrashing, beating, scourging, **147, 184**.

**tair**, ‘thar’, *prep.* over, across, more than, beyond, **142, 276, 342, 468, 506**.

**tairgsin**, ‘tairiscint’, *vn.* act of offering, attempting; *ag tairgsin amas do thabhairt ar an mbiadh sin*, attempting to grab that food, **243**.

**talmhan**, ‘talún’, genitive singular form of **talamh**, earth, the world, **42**.

**tan**, *conj.* time, occasion; **an tan**, when, whenever, **51, 326, 328, 360**.

**taobh**, *in compd. prep.* **do thaoibh**, regarding, in reference to, about; dá thaoibh sin, in that regard, **36**.

**tarbha**, ‘tairbhe’ *f.* benefit, profit, use, **243**; *in compd. prep.* **de tharbha**, in consequence of, on account of, **gan aon ní dhá dtarbha**, without anything to show for them, **164**.

**tigheadhaisibh**, dative plural (?) of **teaghais**, *f.* house, dwelling, chamber, **487**.

**teagmháil**, *vn.* with preposition **i**, to fall into, become involved with, **gan sa peacadhaibh nísa mhó**, never again to fall into sin, **533**.

**teintighe**, ‘tintí’, *adj.* fiery, fierce, wild, **143 et passim**.

**tí**, ‘té’, *indef. pers. pron.* **í** in relative clause, the person who, he who, whosoever, **an tí is lugha pianta**, he who is least pained, **318, 383**.

**tiecht**, ‘teacht’, *vn.* to come, **40, 211, 359**.

**tófás**, ‘tópás’, *m.* topaz, **462**.

**tráchtadh**, ‘trácht’, *vn.* with *prep.* **ar**, treating of, discussing, **53**.

**tré**, ‘trí’, *prep.* through, on account of, **121 et passim**.

**treaghdadh**, *vn.* act of piercing, stabbing, wounding, **262**. See textual note 261.2.

**truailleadh**, ‘truailiú’, *m.* corruption, defilement, **505**; **trualladh**, **469**; **truailleadh**, past autonomous form of **truailighim**, ‘truailigh’, *v.* corrupt, contaminate, defile, **264**.

**tuargain**, *vn.* act of pounding, battering, thumping, **261**. See textual note 261.2.

**tuath**, *f.* dative singular form of **tuath**, laity, **5**.

**tuireamh**, *vn.* act of recounting, telling, **316**.

**tuismidh**, genitive form of **tuismeadh**, *m.* childbirth, **143**.

**turasuibh**, dative plural form of **turas**, *m.* pilgrimage, **500**.

**uail**, *f.* pride, arrogance, **159**; **as a ndearnadar uail**, of which they were proud, **166**.

**uair**<sup>1</sup>, *f.* hour, **10 et passim**; **an uair**, ‘nuair’, when, **361 et passim**.

**uair**<sup>2</sup>, ‘óir’, *conj.* for, since, because, **134**.

**uraoibhinn**, (*Dinn.*), *adj.* pleasant, charming, delightful, **92**.

**uiríseal**, *aid.* lowly, humble, ignoble, **78, 82, 83**.

**urghairdiugh**, *f.* rejoicing, gladness, **472**.

**urghráin**, *f.* ugliness, loathsomeness, **115**.

**urchra**, ‘orchra’ *m.* perishing (of tissue or bone), decay, **492**.

**usa**, *compar.* of **furas ta**, *adj.* easy, **107**.